V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10522 – HAPAG-LLOYD / EUROGATE / EUROGATE CONTAINER TERMINAL WILHELMSHAVEN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 142/06)

1. An 22 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Hapag-Lloyd AG ("HL", An Ghearmáin),

— Eurogate GmbH &Co KGaA, KG ("Eurogate", An Ghearmáin),

— Eurogate Container Terminal Wilhelmshaven GmbH & Co. KG ("CTW", An Ghearmáin) agus Rail Terminal Wilhelmshaven GmbH ("RTW", An Ghearmáin), i dteannta a chéile "an Sprioc".

Gheobhaidh HL agus Eurogate comhrialú ar iomlán na Sprice de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é HL an máthairgnóthas grúpa cuideachtaí atá gníomhach san earnáil mhuirí, a chuireann seirbhísí iompair le haghaidh lasta i gcoimeádáin a chur ar fud an domhain faoin mbranda Hapag-Lloyd trí fhlít timpeall 250 long choimeádán. Ar éigean, tá HL gníomhach freisin i soláthar seirbhísí críochfoirt coimeádán i dTuaisceart na hEorpa agus san Afraic. Tá HL liostaithe ar stocmhalartán Frankfurt agus ar stocmhalartán Hamburg,

— Cuireann Eurogate seirbhísí stíbheadóireachta (críochfort coimeádán) ar fáil san Eoraip agus i dTuaisceart na hAfraice. Trína chleamhnaithe, cuireann Eurogate raon oibríochtaí a bhaineann le coimeádáin ar fáil freisin amhail seirbhísí lasta-mhódacha, seirbhísí iostaí coimeádán, seirbhísiú coimeádán agus deisiú coimeádán. Cuireann Eurogate seirbhísí ar fáil freisin a bhaineann le hiompar idirmhódúil agus bainistíocht lóistíochta. Tá Eurogate faoi chomhrialú ag Eurokai GmbH & Co. KGaA agus ag BLG Logistics Group AG & Co. KG (BLG) (50 %). Is baill de theaghlach Eckelmann a rialaíonn Eurokai ar deireadh, agus tá BLG faoi úinéireacht tromlaigh ag Cathair Bremen,

— Is le CTW an críochfort coimeádán i gCalafort Wilhelmshaven, an Ghearmáin, agus oibríonn sé é. Oibríonn RTW an críochfort iarnróid i gCalafort Wilhelmshaven, a fhreastalaíonn go príomha ar riachtanais luchtaithe agus díluchtaithe lasta CTW. Roimh an Idirbheart, tá an Sprioc faoi chomhrialú ag Eurogate agus A. P. Møller – Maersk A/S (an Danmhairg).

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.10522 – HAPAG-LLOYD / EUROGATE / EUROGATE CONTAINER TERMINAL WILHELMSHAVEN)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË